RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/580 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Márta 2023

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle an 7 Iúil 2003 maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2465/96 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha, comhlachtaí nó eintitis a bhaineann le réimeas an iar-Uachtaráin Saddam Hussein a chumhdaítear le reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha agus le toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil.

(2) An 9 Márta 2023, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe beirt daoine nádúrtha a bhaint den liosta daoine agus eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag an reo sócmhainní maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin
Ard-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 169, 8.7.2003, lch. 6.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

'30. **AINM: Ayad Futayyih Khalifa Al-Rawi**

DÁTA BREITHE/ÁIT BHREITHE: Thart ar 1942, Rawah

NÁISIÚNTACHT: an Iaráic

BUNÚS RÚN 1483 Ó CHOMHAIRLE SLÁNDÁLA NA NÁISIÚN AONTAITHE:

Ceann Foirne, Fórsa Quds, 2001 go 2003;

Iar-Ghobharnóir de Bhagdad agus Ta'mim'

'43. **AINM: Humam Abd-al-Khaliq Abd-al-Ghafur**

DÁ nGAIRTEAR FREISIN: Humam 'Abd al-Khaliq 'Abd al-Rahman;

Humam 'Abd-al-Khaliq Rashid

DÁTA BREITHE/ÁIT BHREITHE: 1945, Ar-Ramadi

NÁISIÚNTACHT: an Iaráic

BUNÚS RÚN 1483 Ó CHOMHAIRLE SLÁNDÁLA NA NÁISIÚN AONTAITHE:

Aire Ardoideachais agus Taighde, 1992 go 1997, 2001 go 2003;

Aire Cultúir, 1997 go 2001;

Stiúrthóir agus Leas-Stiúrthóir, Iraqi Atomic Energy Organisation, 1980í;

PAS: 0018061/104, eisithe an 12 Meán Fómhair 1993'